Cuntas Leithreasa 2016

# Vóta 4

# An Phríomh-Oifig Staidrimh

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 4, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016 do thuarastail agus do chostais An Phríomh-Oifig-Staidrimh (POS).

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2016, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €6.97 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid é den chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 6.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú seachas i gcás an mhéid:

***Dímheas***

Tá sócmhainní a chosain € 4.60 milliún agus a fhostaíodh i rith Daonáireamh 2016 á dhímheas thar thréimhse dhá bhliain (2016-2017).

## Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht don chóras rialaithe airgeadais inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Oifig.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgais féin mar Ard-Stiúrthóir. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- tá Coiste Iniúchta ann le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.

***Rialaithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach.
- athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha.
- córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Oifig.
- córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TEC.
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta.
- cinntíonn an Oifig go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú. Tá sonraí faoi cuir i bhfeidhm gan próiseas iomaíoch tairisceana 10 gconradh ar luach €531,150 san áireamh i mo thuairisceán bliantúil maidir le Ciorclán 40/2002.
  - Bhain conradh amháin ar luach €52,587 le soláthróir aonair.
  - Bhain cúig chonradh ar luach €293,255 le hathnuachan cheadúnas bogearraí i dtaca le córas atá á n-úsáid faoi láthair ag an POS.
  - Níor cuireadh ceithre chonarthaí ar luach €185,308 amach ar thairiscint mar gheall ar thar-rolladh gearrthéarmach conarthaí toisc moill le próisis tairisceana a chur i gcrích nó cásanna ina raibh buntáiste speisialta ag an soláthróir ábhartha, dar leis an POS.

***Seirbhísí comhroinnte***

Chomhlíon mé mo dhualgais i leith na Chomhaontaithe Bainistíochta Seirbhíse a bhí ann idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla.

Tá mé ag brath orthu siúd agus ar litir dhearbhaithe a fuarthas ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta Sheirbhísí Chomhroinnte go bhfuil na rialaithe cuí i bhfeidhm i dtaobh seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Oifig seo.

***Rioscaí suntasacha airgeadais***

Leanann an POS aird a choimeád ar rioscaí suntasacha airgeadais agus rioscaí gaolmhara gnó eile trí mheán Chlár Riosca na hOifige. Níl aon riosca suntasach airgeadais ar Chlár Riosca an POS.

Feidhmíonn an Príomh-Oifig Staidrimh laistigh de bhuiséad airgeadais cúng. Déantar monatóireacht chúramach ar gach caiteachas chun a chinntiú nach sáraíonn an Oifig an leithdháileadh buiséid bliantúil. Tá feabhsúcháin próiseas ar ghníomhaíochtaí reatha, chomh maith le bainistíocht na n-oibríochtaí timthriallach, tionscadail agus airgeadais, ag teastáil chun an riosca airgeadais a choimeád ar an gcuid is lú ar bhonn leanúnach.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Oifig le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Oifige i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialaithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

**Pádraig Daltún**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Phríomh-Oifig Staidrimh

29 Márta 2017

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 4 An Phríomh-Oifig Staidrimh

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 4 An Phríomh-Oifig Staidrimh don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a fhorordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na polasaithe cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithreasa.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithreasa a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina hOifig agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt san chuntas leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntas leithreasa gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithreasa, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasaithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithreasa.

***Tuairim faoin gcuntas leithreasa***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithreasa go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 4 An Phríomh-Oifig Staidrimh don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh taifid chuntasaíochta leordhóthanacha ag an Oifig. Réitíonn an cuntas leithreasa leis na taifid chuntasaíochta.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

24 Meán Fómhair 2017

# Vóta 4 An Phríomh–Oifig Staidrimh
# Cuntas Leithreasa 2016

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar mheastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas chláir** | | | | |
| A | Seachadadh an chláir staidrimh bhliantúil | 83,516 | 76,557 | 49,872 |
| | **Ollchaiteachais** | **83,516** | **76,557** | **49,872** |
| | *Lúide* | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **1,435** | **1,442** | **2,287** |
| | **Glanchaiteachais** | **82,081** | **75,115** | **47,585** |

**Farasbarr le géilleadh**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas le géilleadh don Státchiste.

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Farasbarr le géilleadh | 6,966,305 | 5,250,671 |

**Anailís chaiteachais riaracháin**

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar mheastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| I | Tuarastail, pá agus liúntais | 39,332 | 36,391 | 33,515 |
| ii | Taisteal agus cothú | 1,204 | 1,245 | 1,084 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 3,039 | 2,553 | 1,397 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 1,986 | 1,767 | 683 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TEC seachtracha | 6,761 | 6,312 | 9,597 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 1,075 | 845 | 837 |
| vii | Seirbhísí comhairleacha agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe | 197 | 19 | 66 |
| viii | Bailiú staitisticí | 29,922 | 27,425 | 2,693 |
| | | **83,516** | **76,557** | **49,872** |

# Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2016

| | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Pá | | 36,391 | 33,515 |
| Neamhphá | | 40,166 | 16,357 |
| **Olliomlán** | | **76,557** | **49,872** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **1,442** | **2,287** |
| **Glan iomlán** | | **75,115** | **47,585** |
| **Athraithe maidir le sócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin | (1,007) | | |
| Dímheas | 5,918 | | |
| Cailliúint ar diúscairtí | 21 | | |
| | | 4,932 | 2,956 |
| **Athraithe maidir le sócmhainní caipitil atá á bhforbairt** | | | |
| Íocaíochtaí in airgead tirim | | (1,583) | (4,963) |
| **Athraithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhraithe deiridh | (239) | | |
| Laghdú ar stoc | 20 | | |
| | | (219) | 456 |
| **Caiteachas díreach** | | **78,245** | **46,034** |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 6,868 | 6,549 |
| Measchíosanna | | 1,568 | 1,542 |
| **Costas chláir ghlan** | | **86,681** | **54,125** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara

Tá an méid caiteachais maidir le seirbhísí glan gaolmhara déanta suas den mhéid seo a leanas i ndáil le Vóta 4 a iompraíodh in áit éigin eile.

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 1,726 | 1,722 |
| Vóta 12 Aoisliúntais agus Líuntais Scoir | 3,905 | 3,765 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | 1,143 | 1,024 |
| Vóta 18 Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 94 | 38 |
| | **6,868** | **6,549** |

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2016

| | Nóta | 2016<br>€000 | 2015<br>€000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | 8,839 | 8,465 |
| **Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt** | 2.3 | 1,841 | 5,562 |
| | | **10,680** | **14,027** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.4 | 419 | 394 |
| Stoic | 2.5 | 52 | 72 |
| Réamhíocaíochtaí | | 841 | 948 |
| Ioncam fabhraithe | | 424 | 133 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.6 | 344 | 311 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.8 | 693 | 687 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **2,773** | **2,545** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 327 | 381 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.7 | 1,457 | 1,392 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **1,784** | **1,773** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 989 | 772 |
| **Glansócmhainní** | | **11,669** | **14,799** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas Maoiniú Stáit** | 2.1 | **11,669** | **14,799** |

| **2.1 Cuntas Maoiniú Stáit** | **Nóta** | | **2016** | **2015** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 14,799 | 13,248 |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Soláthar mheastacháin | Cuntas | 82,081 | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (6,966) | | |
| Vóta glan | | | 75,115 | 47,585 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | | | 6,868 | 6,549 |
| Caiteachas neamh-airgid – measchíosanna | | | 1,568 | 1,542 |
| Costas chláir ghlan | | | (86,681) | (54,125) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **11,669** | **14,799** |

**2.2 Ráiteas faoi Shócmhainní Caipitil**

| | Talamh agus foirgnimh | Trealamh oifige | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Ollsócmhainní ag 1 Eanáir 2016 | 34 | 59,581 | 3,356 | 62,971 |
| Breiseanna | — | 6,183 | 130 | 6,313 |
| Diúscairtí | — | (1,058) | (21) | (1,079) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2016 | 34 | 64,706 | 3,465 | 68,205 |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Ollsócmhainní ag 1 Eanáir 2016 | 34 | 51,237 | 3,235 | 54,506 |
| Dímheas don bhliain | — | 5,865 | 53 | 5,918 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (1,037) | (21) | (1,058) |
| Dímheas carntha ag 31 Nollaig 2016 | 34 | 56,065 | 3,267 | 59,366 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2016** | **—** | **8,641** | **198** | **8,839** |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2015** | **—** | **8,344** | **121** | **8,465** |

**2.3 Sócmhainní Caipitil atá á bhforbairt**

| | Úsáideanna ríomhaireachta | |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **2016** | **2015** |
| | **€000** | **€000** |
| Suimeanna tugtha ar aghaidh ag 1 Eanáir | 5,562 | 1,436 |
| Íocaíochtaí in airgead titim don bhlian | 1,583 | 4,963 |
| Aistrithe chuig clár na sócmhainní | (5,304) | (837) |
| Suimeanna tugtha ar aghaidh ag 31 Nollaig | **1,841** | **5,562** |

| **2.4 Banc agus Airgead Tirim** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta | 398 | 343 |
| Iarmhéid chuntas bhainc thráchtála | 19 | 50 |
| Mionairgead | 2 | 1 |
| | 419 | 394 |

| **2.5 Stoic** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Stáiseanóireacht | 38 | 52 |
| Ábhar inchaite teicneolaíochta faisnéise | 14 | 20 |
| | 52 | 72 |

| **2.6 Iarmhéideanna Dochair Eile** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Costas tuarastail inaisíoctha | 205 | 231 |
| Costais taistil inaisíoctha | 16 | 13 |
| Scéim pas taistil inaisíoctha | 30 | 27 |
| Míreanna eile dochair ar fionraí | 93 | 40 |
| | 344 | 311 |

| **2.7 Iarmhéideanna Creidmheasa Eile** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Dlite don Stát | | |
| Cáin Ioncaim | 539 | 534 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | 388 | 330 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 1 | 11 |
| Cáin Bhreisluacha | 7 | 3 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 124 | 110 |
| An Muirear Uilíoch Sóisialta | 149 | 177 |
| | 1,208 | 1,165 |
| Asbhaintí den phárolla atá gcoinneáil ar fionraí | 241 | 218 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 8 | 9 |
| | 1,457 | 1,392 |

| **2.8 Glandliteanas don Státchiste** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Farasbarr le géilleadh | 6,966 | 5,251 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (7,659) | (5,938) |
| Glandliteanas don Státchiste | (693) | (687) |
| | | |
| **Arna léiriú le** | | |
| | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 419 | 394 |
| Iarmhéideanna dochair:ar fionraí | 344 | 311 |
| | 763 | 705 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (1,208) | (1,165) |
| Iarmhéideanna creidmheasa:ar fionraí | (248) | (227) |
| | (1,456) | (1,392) |
| | | |
| | (693) | (687) |

| **2.9 Ceangaltais** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| **Ceangaltais Dhomhanda** | | |
| Soláthair earraí agus seirbhísí | 1,779 | 6,441 |
| Iomlán na gceangaltas infheidhmithe le dlí | 1,779 | 6,441 |

| **2.10 Dliteanais Aibithe** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Meastacachán de dhliteanais aibí neamhscaoilte ag deireadh na bliana. | 5 | 15 |

## 3 Caiteachas Cláir de réir Fo-cheannteidil

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar mheastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **A** | **Seachadadh an chláir staidrimh bhliantúil** | | | |
| A.1 | Riarachán – Pá | 39,332 | 36,391 | 33,515 |
| A.2 | Riarachán - Neamhphá | 44,184 | 40,166 | 16,357 |
| | | 83,516 | 76,557 | 49,872 |

**Athraithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí caiteachas Chláir A €6.96 milliún níos ísle ná mar a fhoráileadh. Thárla sé seo den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur síos | Níos lú / (níos mo) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Tuarastal, pá agus liúntais | 2,941 | Bhí leithdháileadh an Mheastacháin bunaithe ar líon foirne de 843 do 2016, faoi mar a mionsonraíodh in Imleabhar na Meastachán Athbhreithnithe. Ba é 791 an meánlíon foirne don bhliain ach bhíodh sin éagsúil go maith ó mhí go mí mar gheall ar nádúr timthriallach obair na hOifige. Cuireadh maoiniú do chlár infheistíochta criticiúil a bhí faoi réir ag cás gnó don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i 2015 san áireamh i soláthar mheastacháin 2016. Bhí earcú foirne mar chuid den chláir sin ach, ar fud 2016, cuireadh moill ar earcú folúntais ag leibhéil statiseoirí toisc go raibh an margadh earcaíochta do statiseoirí thar a bheith iomaíoch. Freisin, cuireadh moill ar líonadh roinnt post ceanncheathrún a bhain leis an Daonáireamh go luath sa bhliain. Líonadh cuid de na folúntais seo trí ath-imlonnú. |
| Comhairleacht agus luach ar airgead agus ar bheartais | 178 | Tá an Oifig i mbun athrú suntasach a chur i bhfeidhm i gCóras Staitistiúil na hÉireann. Mar gheall ar mhéid an athraithe a bheartaíodh, mar shampla, sa tslí ina mbailítear staitisticí, agus mar gheall ar an éileamh méadaithe ar aschur staitistiúil in Éirinn agus thar lear, cuireadh soláthar sainchomhairleoireachta ar fáil do riachtanais a cheapadh a dtiocfadh chun cinn i 2016. Sa deireadh ní raibh gá le sainchomhairleoireacht i rith na bliana. |
| Bailiú Staitisticí | 2,497 | Ba iad na costais bhailithe a bhain le hoibriúchán Daonáirimh 2016 ba chúis le mórchuid an choigiltis san Fho-cheannteideal seo. Bhí súil le €27.59 milliún de chostais agus ba é €25.93 milliún (€21.42 milliún a bhain le pá agus €4.51 milliún a bhain le míreanna neamhphá) an toradh. B´éigean soláthar a dhéanamh roimh ré do líon measta na foirne sealadaí a theastódh chun an oibríocht mhachaire a chur i gcrích. Bhraith méid an líon fóirne a bhí riachtanach ar líon na dteaghlach a áiríodh agus níor aimsíodh sin go soiléir go dtí go raibh dul chun cinn déanta maidir leis an oibríocht. B'éigean soláthar a dhéanamh do chostais neamhphá áirithe nár tháinig chun cinn, mar shampla, costais iompair agus costais imréitigh an Gharda Síochána. Bhain an chuid is mó den chuid eile den choigilteas san Fho-cheannteideal le costais a bhí níos ísle ná mar a cheapadh maidir le lárionad teileafóin a úsaideadh i 2016 do roinnt freagraí ar shuirbhéanna teaghlaigh. |

# 4 Fáltais

| 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1. | Fáltais ón Aontas Eorpach | 130 | 1 | 575 |
| 2. | Ilghnéitheach | 70 | 41 | 16 |
| 3. | Asbhaint a bhaineann le pinsin ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 1,235 | 1,400 | 1,696 |
| | **Iomlán** | **1,435** | **1,442** | **2,287** |

**Athraithe suntasacha**

Tugtar míniú thíos maidir le gach bun-cheannteidil a raibh an toradh éagsúil ón suim mheasta de nios mó ná €100,000 agus de níos mó ná 5%.

| Cur síos | Níos lú / (níos mo) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Fáltais Aontais Eorpaigh | 129 | Níor tháinig maoiniú ón AE i rith 2016 maidir le dhá chonradh a bhí san áireamh i 2016. Déantar íocaíochtaí tar éis don POS na torthaí a chur isteach agus ní raibh an Oifig in ann éilimh a chur isteach faoi dheireadh na bliana. Tá súil le íocaíocht maidir leis na conarthaí seo i 2017. |
| Ilghnéitheach | 29 | Léiríonn an laghdú i leibhéal an ioncaim polasaí an Phríomh-Oifige Staidrimh maidir le gach staidreamh a chur ar fáil saor in aisce ar an idirlíon. Is deacair ioncam ó dhíolacháin ábhar staidrimh a thuar faoi láthair. |
| Asbhaint a bhaineann le pinsin | (165) | Chuir méadú ar líon na foirne ar fud 2016 deacracht le tuar cruinn a dhéanamh ar mhéid an asbhaint a bhaineann le pinsin a d'fhéadfadh a bheith iníoctha i rith na bliana. |

## 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (comhionann le fostaithe lánaimsire) | 799 | 697 |

| | 2016 €000 | 2015 €000 |
|---|---|---|
| Pá | 33,650 | 31,189 |
| Iomarcaíocht | — | 3 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais breise | 119 | 85 |
| Liúntais eile | 87 | 73 |
| Liúntais le haghaidh ragobair | 83 | 82 |
| ÁSPC an Fhostóra | 2,452 | 2,083 |
| **Pá Iomlán** | **36,391** | **33,515** |

**5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre**

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair 2016 € | Uasíocaíocht aonair 2015 € |
|---|---|---|---|---|
| Liúntais le haghaidh ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais breise | 62 | — | 7,820 | 5,478 |
| Liúntais le haghaidh ragobair agus tinrimh bhreise | 76 | 1 | 13,672 | 10,936 |
| Liúntais le haghaidh uainobair agus a bheith ar uainchlár | 14 | — | 8,112 | 8,650 |
| Ilghnéitheach | 1 | 1 | 11,440 | — |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 23 | 4 | 21,119 | 18,243 |

**5.2 Ró-íocaíochtaí Párolla**

Bhí ró-íocaíochtaí de €90,026 (31 cás) (2015: €86,874, 135 cás) ag deireadh na bliana.  Tá pleananna aisghabhála i bhfeidhm i gcás luach €48,201 de na ró-íocaíochta seo.

# 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Tacaíocht do dhícheall staidrimh

Bhronn an Oifig duais airgead de €3,210 in 2016 mar chuid den séú Chomórtas Bonn John Hooper do Staitisticí. Bhí an comórtas seo oscailte do dhaltaí dara leibhéal den sraith shinsearach.

Íocadh suim de €10,000 le Coláiste na hOllscoile Corcaigh mar mhaoiniú do Scoláireacht Donal McCarthy 2016-2017. Tabharfaidh faighteoir an scoláireacht faoi thionscadal staidrimh POS/oifigiúil.

### 6.2 Costais dlí

| | | | | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Líon na gcásanna** | **Costais dlí íoctha ag an Oifig** | **Costais dlí bronnta** | **Cúiteamh bronnta** | **Iomlán** | **Iomlán** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Éilimh ag: fostaithe** | 5 | 14 | — | 37 | 51 | 54 |
| | | 14 | — | 37 | 51 | 54 |